Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15196/25**

**JAI 1640**
**MIGR 413**
**FRONT 266**
**RELEX 1441**
**ASILE 101**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 795 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce (2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 795 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 795 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.11.2025
COM(2025) 795 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce (2025)**

GA GA

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce (2025)**

## I. Réamhrá

Is príomhsprioc insoláthartha é an Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce (an Tuarascáil) den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann (an Comhshocrú) a sholáthraíonn léargas straitéiseach ar dhálaí sa réimse seo. Leis an tuarascáil, déantar anailís ar staid an tearmainn, na himirce agus an ghlactha san Aontas agus sna Ballstáit le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin agus bunaítear réamh-mheastachán ar na treochtaí imirce don bhliain atá le teacht[1].

Ba chloch mhíle mhór é an Comhshocrú i bhforbairt cur chuige chuimsithigh maidir le himirce, tearmann, bainistiú teorainneacha agus imeascadh. Ceapadh é chun an imirce a bhainistiú san fhadtéarma, rud a thugann an tsolúbthacht do na Ballstáit aghaidh a thabhairt go héifeachtach agus go cothrom ar na dúshláin shonracha atá rompu. Tá neart an Chomhshocraithe sa **chothromaíocht idir prionsabail na dlúthpháirtíochta agus comhroinnt chóir na freagrachta** i measc na mBallstát. Chuige sin, le Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce[2], ceann de na gníomhartha reachtacha lena gcuimsítear an Comhshocrú, tugtar isteach sásra dlúthpháirtíochta atá éigeantach, solúbtha agus bunaithe ar riachtanais. Tá feidhmiú an tsásra sin bunaithe ar an measúnú ar staid an tearmainn agus na himirce san Aontas a chuirtear i láthair sa Tuarascáil, atá mar chuid den **timthriall bliantúil bainistithe imirce** (an Timthriall).

Sheol an Coimisiún an chéad Timthriall le glacadh na Tuarascála seo, lena n-áirítear freisin nuashonrú ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhshocraithe[3]. Tá an léiriú staide dá bhforáiltear sa Tuarascáil seo le húsáid freisin ag an gCoimisiún chun an **Cinneadh Cur Chun Feidhme**[4] (an Cinneadh) ón gCoimisiún a ghlacadh lena gcinnfear cé na Ballstáit atá faoi bhrú imirce, atá i mbaol brú imirce nó a bhfuil staid shuntasach imirce rompu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1351.

---

[1] Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147, agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L 2024/1351, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj).

[2] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — Staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, COM/2025/319 final (EUR-Lex — 52025DC0319 — GA — EUR-Lex).

[4] Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce.

Tá togra ón gCoimisiún ag gabháil leis an Tuarascáil agus leis an gCinneadh le haghaidh **Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena mbunaítear an Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil**[5] chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dlúthpháirtíochta na mBallstát atá faoi bhrú sa bhliain atá le teacht. Ag an am céanna, leantar den obair ar chur chun feidhme chomhpháirteanna uile an Chomhshocraithe, chun córas éifeachtach Eorpach i leith dlúthpháirtíochta agus freagrachta a chur ar fáil chun tearmann agus imirce a bhainistiú ar bhealach cothrom, daingean agus éifeachtach.

## II. An Comhshocrú a Chur i gCrích: an fhreagracht agus an dlúthpháirtíocht i gcothromaíocht

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag na Ballstáit maidir leis na hullmhúcháin chun athchóirithe ar an gComhshocrú a chur chun feidhme agus chun na hoibleagáidí nua maidir le dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir freagrachta a chomhlíonadh.

I réimse na **freagrachta**, tá príomhghnéithe nua an Chomhshocraithe dírithe ar nósanna imeachta níos éifeachtúla, níos daingne agus níos cothroime a chruthú as a dtiocfaidh córais tearmainn agus imirce níos cuíchóirithe agus níos éifeachtaí, agus ualaí riaracháin níos ísle ar na Ballstáit, próiseáil níos tapúla, tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil d'imircigh agus cinntí ardcháilíochta maidir lena gcásanna. Go háirithe, leis an scagadh nua[6] ag teorainneacha seachtracha an Aontais, beifear in ann gach náisiúnach tríú tír a thagann isteach san Aontas go neamhdhleathach a shainaithint agus a mheasúnú go pras. Mar chuid de na nósanna imeachta éigeantacha maidir le tearmann agus filleadh[7], déileálfar le hiarratais ó náisiúnaigh de thíortha ar beag an dóchúlacht go bhfaighidh siad cosaint idirnáisiúnta ar bhealach gasta, go díreach ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Leis na rialacha nua freagrachta[8], beifear in ann nós imeachta níos tapúla agus níos éifeachtúla a shuí cé acu na Ballstáit atá freagrach as iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil. Beidh tionchar dearfach ag bunachar sonraí Eurodac

[5] Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce.

[6] Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj.

[7] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj agus Rialachán (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1349/oj.

[8] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n□aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj.

athnuaite[9] agus ag na rialacha nua maidir le glacadh[10] ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe a bhainistiú agus a theorannú.

I ndáil leis sin, beidh ar na Ballstáit ina dtagann imircigh neamhrialta isteach san Aontas den chéad uair roinnt cúraimí nua a ghlacadh orthu féin, go háirithe i bhfianaise chineál na sreabh imirce a thagann isteach ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Go háirithe, beidh orthu iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le gach imirceach neamhrialta a scagadh agus a chlárú, an 'acmhainneacht leordhóthanach' a chur ar bun don nós imeachta teorann éigeantach, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

Chun tacú go háirithe leis na Ballstáit sin, bunaíodh buansásra **dlúthpháirtíochta** le Rialachán (AE) 2024/1351. Tá cothromaíocht ann idir na dúshláin agus na freagrachtaí atá ar Bhallstáit éagsúla. Chun an sásra a oibríochtú, i gcomhréir leis an Rialachán céanna, déanann an Coimisiún measúnú gach bliain ar staid fhoriomlán na himirce san Aontas chun a chinneadh an bhfuil Ballstáit ann atá faoi bhrú imirce, atá i mbaol brú imirce, nó a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce. Chun é sin a dhéanamh, d'fhorbair an Coimisiún **modheolaíocht**, i gcomhairle leis na Ballstáit, chun a mheas an bhfuil oibleagáidí díréireacha ar Bhallstáit, agus an staid fhoriomlán san Aontas á cur san áireamh. Braitheann sé ar shonraí agus ar fhaisnéis ardcháilíochta atá ar fáil, lena n-áirithítear go bhfuil na torthaí cothrom, oibiachtúil agus comhsheasmhach leis na ceanglais dhlíthiúla. Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht i nDoiciméad Inmheánach Oibre tiomnaithe de chuid an Choimisiúin[11].

Tar éis dó na Ballstáit atá faoi bhrú imirce a shainaithint, agus torthaí na Tuarascála á gcur san áireamh, lena n-áirítear a réamh-mheastachán don bhliain atá le teacht, molann an Coimisiún freisin leibhéal na rannchuidithe dlúthpháirtíochta ba cheart a sholáthar do na Ballstáit atá faoi bhrú imirce. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidithe dlúthpháirtíochta a sholáthar i bhfoirmeacha éagsúla:

- **Athshocrú**, arb é atá i gceist leis iarratasóirí a aistriú ó Bhallstáit atá faoi bhrú imirce chuig Ballstáit eile is rannchuiditheoirí. D'fhéadfadh na Ballstáit leas a bhaint freisin as fritháirimh freagrachta, cineál dlúthpháirtíochta inar féidir leis na Ballstáit a ndéanann gluaiseachtaí neamhúdaraithe difear dóibh a thairiscint, má chomhlíontar coinníollacha áirithe, freagracht a ghlacadh as iarratasóirí atá i láthair ar a gcríoch cheana féin ó Bhallstáit atá faoi bhrú imirce.

---

[9] Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj.

[10] Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj.

[11] SWD(2025) 792, Modheolaíocht chun críoch cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

- **Ranníocaíochtaí airgeadais** arb é atá iontu méideanna a aistriú ó na Ballstáit is ranníocóirí chuig buiséad an Aontais, atá dírithe ar ghníomhaíochtaí chun tacú leis na Ballstáit is tairbhithe, mar shampla, i mbainistiú a gcóras imirce, tearmainn agus glactha, bainistiú teorainneacha agus, a mhéid a bhaineann leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus faoi choinníollacha, cistiú a thabhairt do thionscadail agus gníomhaíochtaí áirithe i ngné sheachtrach na himirce, lena n-áirítear líon na n-imirceach neamhrialta a laghdú agus fillteacha a mhéadú.
- **Bearta dlúthpháirtíochta malartacha**, ar féidir a áireamh orthu, mar shampla, cúnamh comhchineáil ábhartha nó teicniúil, lena n-áirítear le haghaidh bainistiú teorainneacha.

Sainaithneofar na bearta dlúthpháirtíochta sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle atá le glacadh de bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1351 lena mbunaítear an **Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil** (an Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta), bunaithe ar thogra ón gCoimisiún de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1351. De bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1351, ní mór do na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le méid an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta don bhliain dár gcionn agus maidir leis an gcaoi a rannchuideoidh gach Ballstát, de réir a chion cothrom, agus i gcomhréir leis an gcleachtadh gealltanais a rinneadh i bhFóram Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta an Aontais. Sa Chinneadh uaithi, ba cheart don Chomhairle toradh an chleachtaidh gealltanas a ghabháil i ndáil leis na riachtanais arna sainaithint ag na Ballstáit atá faoi bhrú, lena n-áirítear maidir le frithháirimh freagrachta a úsáid.

Na Ballstáit a mheasann an Coimisiún go bhfuil siad faoi bhrú imirce, beidh rochtain acu ansin ar an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta agus ní bheidh sé d'oibleagáid orthu a rannchuidithe dlúthpháirtíochta geallta a chur chun feidhme, agus beidh na Ballstáit a bhfuil staid shuntasach imirce rompu in ann asbhaint iomlán nó pháirteach a fháil, arna iarraidh sin dóibh, dá rannchuidithe dlúthpháirtíochta ón gComhairle. An tráth céanna, ní cheanglaítear ar na Ballstáit is rannchuiditheoirí a ngealltanais i leith Ballstát is tairbhí a chur chun feidhme, i gcás inar shainaithin an Coimisiún easnaimh shistéamacha sa Bhallstát sin maidir leis na rialacha maidir le freagracht faoi Rialachán (AE) 2024/1351 a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an chórais.

Sa bhreis ar an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta, bunaítear leis an gComhshocrú **Buanbhosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais Eorpaigh don Imirce** arb é atá ann cúnamh oibríochtúil agus teicniúil arna soláthar ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais; tacaíocht arna soláthar ag cistí an Aontais agus trí fhoinsí cistiúcháin eile; maoluithe in *acquis* an Aontais chun freagairt do dhúshláin shonracha imirce; an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a ghníomhachtú; bearta chun gníomhaíochtaí maidir le filleadh agus athimeascadh a éascú; gníomhaíochtaí neartaithe agus gníomhaíochtaí trasearnála i ngné sheachtrach na himirce; for-rochtain taidhleoireachta agus pholaitiúil fheabhsaithe; straitéisí cumarsáide comhordaithe; tacú le beartais imirce éifeachtacha atá bunaithe ar chearta an duine i dtríú tíortha nó imirce dhleathach agus soghluaisteacht dhea-bhainistithe a chur chun cinn. Tá Buanbhosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais Eorpaigh don Imirce ar fáil do na Ballstáit agus is féidir é a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do na Ballstáit atá i mbaol brú imirce, a bheidh in ann tairbhiú de rochtain tosaíochta ar an mBosca Uirlisí Tacaíochta sin. Cuirfidh an Coimisiún

tacaíocht chistiúcháin ar fáil agus comhordóidh sé freisin leis na Gníomhaireachtaí tosaíocht a d'fhéadfaí a thabhairt do sholáthar tacaíochta oibríochtúla.

**Cur chun feidhme an Chomhshocraithe — staid na himeartha**

Ó tháinig an Comhshocrú i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024, agus tar éis ghlacadh an Phlean Cur Chun Feidhme Choitinn, tá dlús curtha ag na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó Ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, leis na hiarrachtaí chun an comhaontú reachtach a fhíorú go praiticiúil agus chun a áirithiú go mbeidh a gcórais náisiúnta tearmainn, glactha agus imirce réidh le haghaidh chur i bhfeidhm iomlán an Chomhshocraithe faoi mhí an Mheithimh 2026. Ag an am céanna, tá gá ginearálta ann dlús a chur le luas na n-athchóirithe sin.

Ar fud an Aontais, agus ar an leibhéal náisiúnta, tar éis na chéad chéime as ar eascair forbairt na bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme agus na socruithe rialachais ábhartha, tá athrú tagtha ar an bhfócas. Anois baineann sé le **hoiriúnú reachtach, oibríochtú praiticiúil, agus acmhainní a chur ar fáil d'athchóirithe**.

Ón bhí an tuarascáil dheireanach ann, baineadh amach **garspriocanna tábhachtacha** ar gach leibhéal.Áirítear orthu sin straitéisí náisiúnta agus pleananna teagmhasacha a fhorbairt, creataí dlíthiúla náisiúnta a oiriúnú, agus an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351 a ghlacadh[12]. Tá méadú tagtha ar líon na mBallstát a bhfuil coinne leis go mbainfidh siad a spriocanna i leith **acmhainneachta leordhóthanacha** amach don nós imeachta teorann nua agus tá tús curtha le tástáil Eurodac.

Ag an am céanna, **tá na dúshláin atá fós ann ag éirí níos soiléire**. Is amhlaidh atá go háirithe maidir le cur chun feidhme Eurodac, bunú an nós imeachta teorann agus an gá atá leis an mbonneagar riachtanach, riachtanais foirne agus socruithe riaracháin a chur i bhfeidhm go tráthúil. Ar fud an Aontais, ba cheart socruithe scagtha a thabhairt chun críche go luath agus an acmhainneacht ghlactha a chur in oiriúint don chreat nua, lena n-áiritheofar acmhainneacht leordhóthanach agus caighdeáin leordhóthanacha. Cé go bhfuil sé sin déanta ag formhór na mBallstát, ní mór socruithe atá fós gan réiteach maidir le faireachán ar chearta bunúsacha agus comhairleoireacht dhlíthiúil a thabhairt i gcrích.

Ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit uile leanúint de bheith ag obair le chéile chun a áirithiú go ndéanfar an clársceidealú airgeadais a ailíniú go héifeachtach taobh thiar de na pleananna náisiúnta agus go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag príomhghnéithe an chreata nua, bíodh sin ó chistí an Aontais nó ó chistí náisiúnta.

Tá staid mhionsonraithe na himeartha maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe le fáil san Iarscríbhinn.

## III. Léargas straitéiseach ar dhálaí i réimse an tearmainn, an ghlactha agus na himirce

Tá an fhianaise sa Tuarascáil seo mar bhonn agus mar thaca ag an gCinneadh ón gCoimisiún lena sainaithnítear staid na himirce sna Ballstáit agus ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena mbunaítear an Comhthiomsú

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bainistiú tearmainn agus imirce agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 ón gCoimisiún.

Dlúthpháirtíochta Bliantúil is gá chun aghaidh a thabhairt ar staid na himirce. Dá réir sin, tugtar léargas cuimsitheach straitéiseach ar dhálaí sa Tuarascáil a fheidhmíonn freisin mar uirlis luathrabhaidh agus feasachta don Aontas i réimse na himirce agus an tearmainn.

Is éard atá sa léargas straitéiseach ar dhálaí: a) **anailís** ar na príomhfhorbairtí i réimse an tearmainn, an ghlactha agus na himirce san Aontas agus sna Ballstáit uile thar an tréimhse 12 mhí idir an 1 Iúil 2024 agus an 30 Meitheamh 2025; agus b) **réamh-mheastachán** le haghaidh 2026 agus faisnéis maidir leis an leibhéal **ullmhachta** san Aontas agus sna Ballstáit chun freagairt do na treochtaí réamh-mheasta agus chun oiriúnú dóibh. Áirítear san fhorléargas sa Tuarascáil seo freisin torthaí ón bhfaireachán a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), agus ón meastóireacht a rinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922[13].

Tá sé bunaithe ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus ar fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil arna soláthar ag na Ballstáit, ag Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais[14] agus ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Cuireann an anailís agus an réamh-mheastachán freisin le torthaí na malartuithe rialta laistigh de Líonra an Aontais um an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime[15].

Áirítear an léargas ar dhálaí straitéiseacha sa Tuarascáil seo, agus comhlánaítear é le Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ina bhfuil an miondealú staidrimh a thacaíonn leis an anailís sa Tuarascáil, le Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ina bhfuil faisnéis mhionsonraithe a thacaíonn leis an anailís[16] agus leis an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ina bhfuil mionsonraí an réamh-mheastacháin le haghaidh 2026[17].

## a. Anailís ar staid an tearmainn, an ghlactha agus na himirce idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025

Ar an iomlán, idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, lean **staid na himirce san Aontas de bheith ag dul i bhfeabhas** i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Tháinig laghdú ar líon na n-imirceach neamhrialta a tháinig isteach san Aontas, ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta

[13] Toradh an fhaireacháin a rinne an Ghníomhaireacht um Thearmann chomh maith leis an bhfaireachán a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1356 dá dtagraítear in Airteagal 9(e) de Rialachán (AE) 2024/1351, níl siad ar fáil toisc nach bhfuil na sásraí faireacháin sin ag feidhmiú go fóill.

[14] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA).

[15] Is é Líonra an Treoirphlean, atá ina tháirge insoláthartha luath den Chomhshocrú, an creat oibríochtúil lena dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ábhartha de chuid an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar shreabha agus ar chásanna imirce agus chun iad a réamh-mheas. Bunaíodh é le Moladh (AE) 2020/1366 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra an Aontais um ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna a bhaineann leis an imirce, EUR-Lex — 32020H1366 — GA — EUR-Lex.

[16] SWD(2025) 790 Tacú leis an anailís ar staid an tearmainn, an ghlactha agus na himirce san Aontas agus sna Ballstáit agus SWD (2025) 793 Miondealú staidrimh a thacaíonn leis an anailís ar staid an tearmainn, an ghlactha agus na himirce san Aontas agus sna Ballstáit a mharcáil mar mhiondealú íogair toisc go bhfuil sonraí iontu nach nochtfar don phobal i bhfianaise ghráinneacht na faisnéise atá ann agus an riosca go gcuirfí bac ar Ghníomhaireachtaí an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla an Choimisiúin.

[17] SWD(2025) 791, Réamh-mheastachán de bhun Airteagal 9(3)(b) de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle don bhliain 2026, a aicmítear mar 'RESTREINT UE/EU RESTRICTED'.

agus ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe[18], treocht chobhsaí a tugadh faoi deara cheana féin ó bhí 2024 ann. Tá sé sin amhlaidh freisin a bhuí le hiarrachtaí comhpháirteacha an Choimisiúin agus na mBallstát dlús a chur leis an gcomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais agus teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú.

***Imirce neamhrialta ag teorainneacha seachtracha an Aontais***[19]


**Tháinig laghdú 35 % ar** thrasnuithe neamhdhleathacha teorann[20] ag teorainneacha seachtracha an Aontais **i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024.** Tugadh treochtaí laghdaitheacha faoi deara feadh fhormhór na mbealaí imirce, lena n-áirítear feadh na mbealaí sin a chuimsíonn formhór na dtrasnuithe neamhdhleathacha teorann chuig an Aontas.

[18] Ós rud é go gcumhdaítear leis an Tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, tagraíonn an chomparáid ó bhliain go bliain ('an tréimhse tuairiscithe roimhe seo') don tréimhse 12 mhí ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

[19] Tá an anailís sa roinn seo bunaithe ar shonraí Frontex.

[20] Tagraíonn líon na dtrasnuithe neamhdhleathacha teorann don líon náisiúnach tríú tír nó náisiúnach den Aontas/de Thír Chomhlachaithe Schengen arna bhrath ag údaráis na mBallstát agus iad ag dul isteach sa chríoch nó ag féachaint le himeacht ón tír go neamhdhleathach idir pointí trasnaithe teorann ag na teorainneacha seachtracha. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbraithfí náisiúnach tríú tír níos mó ná uair amháin ag dul isteach i gcríoch Ballstáit go neamhdhleathach nó ag imeacht aisti go neamhdhleathach.

**Fíor 1 — Trasnuithe neamhdhleathacha teorann de réir bealach imirce**[21]




Foinse: Mionsaothrú an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (ACT) ar shonraí Eurostat

Cé gur fhan staid na himirce sa **Ghréig** cobhsaí ar an iomlán, taifeadadh an líon is airde trasnuithe neamhdhleathacha teorann sa tír sin i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra[22], chomh maith le formhór na dtrasnuithe neamhdhleathacha teorann feadh bhealach na Meánmhara Thoir (breis agus 60 000 trasnuithe neamhdhleathacha teorann), ón Tuirc agus ón Libia den chuid is mó, agus tháinig méadú suntasach ar an líon daoine ag teacht isteach a cláraíodh sa Chréit. Sa **Chipir**, tháinig laghdú suntasach ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann — mar gheall ar níos lú imeachtaí ón tSiria agus ón Liobáin den chuid is mó — lena n-áirítear mar gheall ar thitim réimeas Assad agus mar gheall ar an rannpháirtíocht mhéadaithe le húdaráis na Liobáine. Mar sin féin, i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra, bhí an Chipir fós sa tríú háit san Aontas ó thaobh imircigh neamhrialta de agus beagnach 3 000 trasnú

[21] Áirítear bealaí lena mbaineann níos mó ná 500 trasnú neamhdhleathach teorann sa léarscáil seo.
[22] Arna ríomh agus sciar gach Ballstáit don táscaire sin á chur i gcomparáid lena sciar de OTI agus daonra. Ríomhtar sciar OTI agus daonra le haghaidh gach Ballstáit i gcomhréir leis an eochair thagartha a leagtar amach in Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2024/1351, agus sonraí Eurostat á n-úsáid.

neamhdhleathach teorann inti. Sa **Bhulgáir**, tháinig laghdú beag ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann, agus ba ón Tuirc a tháinig na n-imircigh neamhrialta.

San **Iodáil agus sa Spáinn**, tháinig laghdú ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann i gcomparáid leis an tréimhse idir mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024, d'ainneoin go raibh na huimhreacha fós ard i ndearbhthéarmaí. Tháinig laghdú ar imeachtaí chun na hIodáile, i bpáirt mar gheall ar chomhar níos láidre le húdaráis na Túinéise[23] agus rialuithe teorann níos déine ag teorainn na Tuirce. D'fhan imeachtaí ón Libia ard agus tháinig méadú breise orthu de réir mar a bhain líonraí smuigleála leas as an éagobhsaíocht mhéadaitheach sa réigiún. Tháinig laghdú ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann go dtí an Spáinn mar gheall ar líon níos lú daoine a bheith ag teacht isteach feadh bhealach an Atlantaigh go dtí na hOileáin Chanáracha, tar éis comhar déthaobhach feabhsaithe agus comhar feabhsaithe idir an tAontas agus tíortha na hAfraice Thiar, go háirithe leis an Máratáin[24] agus leis an tSeineagáil. Mar thoradh ar fhaireachas feabhsaithe teorann sa Mháratáin agus sa tSeineagáil, d'imigh smuigléirí trí Ghuine Bissau, tríd an nGuine agus tríd an nGaimbia arís. Ar bhealach na Meánmhara Thiar, ba í an Ailgéir an príomhphointe imeachta — 79 % de na trasnuithe neamhdhleathacha teorann ar an mbealach — agus chláraigh sí líon méadaithe i dtaca le trasnuithe neamhdhleathacha teorann i dtreo na nOileán Bailéarach. Tháinig laghdú suntasach ar imeachtaí as Maracó mar thoradh ar chomhar déthaobhach neartaithe leis an Spáinn agus ar fhaireachas feabhsaithe ar theorainneacha.

Feadh **Mhuir nIocht**, tháinig méadú 15 % ar imeachtaí ón bhFrainc go dtí an Ríocht Aontaithe (trasnuithe neamhdhleathacha teorann ar imeacht ón tír) i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024. Cé gur chuir iarrachtaí bainistithe teorainneacha sa Fhrainc cosc ar 40 % de na 72 000 trasnú neamhdhleathach teorann a bhí ag imeacht ón bhFrainc go dtí an Ríocht Aontaithe, tháinig méadú thart ar 35 % fós ar thrasnuithe rathúla (teacht isteach sa Ríocht Aontaithe) i gcomparáid le mí Iúil 2023-Meitheamh 2024.

I réigiún na **mBalcán Thiar,** tháinig laghdú suntasach ar líon na n-imirceach neamhrialta a tháinig isteach i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024. Le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar[25], cuireadh tacaíocht pholaitiúil, airgeadais agus oibríochtúil ar fáil do bhainistiú na himirce sa réigiún[26]. Chuir rialuithe feabhsaithe póilíneachta a chuir isteach ar ghníomhaíochtaí smuigleála imirceach, chomh maith le trasnuithe neamhdhleathacha teorann a laghdú ar bhealach na Meánmhara Thoir, le líon na n-imirceach neamhrialta a laghdú. Ba í an chonair tríd an mBoisnia agus an Heirseagaivéin-an Chróit fós an chonair ba mhó a úsáideadh, cé go raibh níos lú trasnuithe neamhdhleathacha teorann ann ná mar a bhí i mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024. Tugadh faoi deara gníomhaíocht mhéadaithe imirce feadh na conaire sin ó dheireadh mhí Dheireadh

[23] Meabhrán Tuisceana maidir le comhpháirtíocht straitéiseach dhomhanda idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis, a síníodh i mí Iúil 2023.

[24] Dearbhú Comhpháirteach lena mbunaítear comhpháirtíocht imirce idir Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an tAontas Eorpach a seoladh i mí an Mhárta 2024.

[25] Tá Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar an 5 Nollaig 2022 ar fáil ag https://home-affairs.ec.europa.eu/eu-action-plan-western-balkans_en.

[26] Síníodh Comhaontú Stádais na glúine nua leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin i mí an Mheithimh 2025, lena gcuirtear ar chumas oifigigh de chuid Bhuanchóir Frontex oibriú in éineacht le húdaráis áitiúla um Bainistiú Teorainneacha a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin acu — lena gceadaítear do réigiún iomlán na mBalcán Thiar (seachas an Chosaiv — ainmniú gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus atá i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive) a chumhdach le Comhaontuithe den sórt sin agus le himscaradh ina dhiaidh sin.

Fómhair 2023, tar éis do smuigléirí a ngníomhaíochtaí a atreorú i dtreo na coda sin den teorainn chun oibríochtaí póilíneachta méadaithe sa tSeirbia a sheachaint. Le linn na tréimhse tuairiscithe, chláraigh **an Chróit** 76 % de na daoine a tháinig isteach sa réigiún — níos mó ná 12 000 trasnú neamhdhleathach teorann — agus an dara líon is airde de thrasnuithe neamhdhleathacha teorann ar leibhéal an Aontais i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra.

Ag **teorainn thoir an Aontais**, d'fhan an líon trasnuithe neamhdhleathach teorann íseal agus réasúnta cobhsaí. Bhain an chuid is mó de na trasnuithe neamhdhleathacha teorann sin le náisiúnaigh den Úcráin a thrasnaigh go neamhrialta isteach sa Rómáin agus a d'iarr cosaint shealadach. Leanann gníomhaíochtaí na Rúise agus na Bealarúise de thionchar a imirt ar dhinimic na himirce ag an teorainn Thoir, go háirithe **sa Pholainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Fhionlainn agus san Eastóin**. Mar fhreagairt ar iarrachtaí leanúnacha státurraithe chun an imirce a úsáid mar uirlis troda, neartaigh siad rialuithe teorann, rud a laghdaigh an líon trasnuithe neamhdhleathacha teorann ón mBealarúis (1 421 thrasnú neamhdhleathach teorann, ar tháinig 82 % díobh go dtí an Pholainn). Is dúshlán tromchúiseach imirce agus slándála fós é an baol go n-úsáidfear an imirce mar uirlis troda, rud a chuireann le teagmhais fhoréigneacha ó am go chéile agus le hiarrachtaí an teorainn a thrasnú. Bhunaigh an Pholainn crios maolánach feadh a teorann agus cuireann sí teorainn shealadach leis an gceart chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta ag an teorainn sin, cé is moite de ghrúpaí leochaileacha. Thairis sin, chuir an Laitvia agus an Liotuáin feabhas ar bhearta faireachais ag a dteorainn leis an mBealarúis. Neartaigh an Eastóin bearta bainistithe teorainneacha ag an teorainn leis an Rúis, agus dhún an Fhionlainn a pointí trasnaithe leis an Rúis ó mhí na Samhna 2023 mar fhreagairt ar iarrachtaí na Rúise chun an imirce a úsáid mar uirlis troda. Ó shin i leith, d'fhan staid na himirce ag an teorainn leis an Rúis, lena n-áirítear leis an Eastóin, sách socair.

Idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, **diúltaíodh cead isteach** do bhreis agus 110 000 duine ag teorainneacha seachtracha an Aontais, ag teorainneacha talún (55 %) agus aeir (41 %) den chuid is mó. Ba é doiciméadacht a bhí in easnamh nó neamhbhailí ba chúis le formhór na ndiúltuithe cead isteach[27]. Is i ndearbhthéarmaí a thaifead an Pholainn, an Chróit, an Fhrainc agus an Rómáin an líon ba mhó, agus d'eisigh an Chróit, an Laitvia agus an Eastóin formhór na ndiúltuithe i gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra. Bhain formhór na ndiúltuithe cead isteach le muintir na hÚcráine[28], na hAlbáine, na Moldóive agus na Tuirce.

Mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil 2025 ar Staid Schengen, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun **cáilíocht agus athléimneacht theorainneacha seachtracha limistéar Schengen** a neartú, go háirithe i bhfianaise bagairtí slándála atá ag dul in olcas[29]. Léiríodh torthaí spreagúla i measúnú leochaileachta Frontex 2025 [30]. Cuireadh i dtábhacht sa mheasúnú freisin, áfach, gur gá cumais maidir le bainistiú imirce ag na teorainneacha a threisiú a thuilleadh i roinnt Ballstát, lena n-áirítear trí acmhainní daonna leordhóthanacha a leithdháileadh chun scagadh agus

[27] Áiríodh leis sin cásanna ina ndearna náisiúnaigh tríú tír rófhanacht ar an 90 lá laistigh de thréimhse 180 lá nó nach raibh víosa nó cead cónaithe bailí acu.

[28] Muintir na hÚcráine nach bhfuil ceadanna bailí acu nó nach bhfuil cumhdaithe faoi chosaint shealadach.

[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Tuarascáil 2025 ar Staid Schengen, EUR-Lex — 52025DC0185 — GA — EUR-Lex.


[30] Mar a thuairiscigh Frontex, léiríonn líon iomlán na leochaileachtaí sainaitheanta maidir le hacmhainneachtaí agus ullmhacht an rialaithe teorann sna Ballstáit treocht anuas fhoriomlán ábhartha: Tá toradh spreagúil ag baint le Measúnú Leochaileachta 2025.

faisnéisiú a dhéanamh. Ag an am céanna, is dúshlán coiteann i gcónaí é a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha ag an teorainn, go háirithe sa chomhthéacs a bhaineann leis an imirce a úsáid mar uirlis troda.

***Teacht isteach ar muir tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála*[31]**

Tháinig laghdú 36 % ar an líon náisiúnach tríú tír a díbhordáladh san Aontas tar éis **oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála** i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024. Ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, díbhordáladh beagnach 97 000 duine san Aontas tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. **B'ionann an Iodáil agus an Spáinn le chéile agus breis agus 80 %** de na daoine a díbhordáladh san Aontas.

**Fíor 2 — Daoine a díbhordáladh in imeachtaí cuardaigh agus tarrthála**




Foinse: Mionsaothrú ACT ar shonraí Eurostat

**Is oibleagáid dhlíthiúil é do na Ballstáit**, atá bunaithe i ndlí idirnáisiúnta agus i ndlí an Aontais, **cúnamh a thabhairt d'aon duine a aimsítear i nguais ar muir**[32]. Lean iarrachtaí an tAontas Eorpach a shroicheadh ar shoithí nach bhfuil muiracmhainneach de bheith ina gcúis le bás imirceach ar muir, agus thuairiscíodh go bhfuair 3 000 duine ar a laghad bás nó go raibh siad ar iarraidh ar muir le linn na tréimhse tuairiscithe. Lean bealach na Meánmhara Láir agus an Atlantaigh de bheith ar na bealaí farraige is marfaí chuig an Aontas[33]. Bhí trasnuithe farraige i mbáid bheaga ón **bhFrainc** go dtí an Ríocht Aontaithe trasna **Mhuir nIocht** arna n-éascú ag líonraí smuigleála ina ndúshlán suntasach d'údaráis na Fraince a raibh baint acu le hoibríochtaí

[31] Tá an anailís sa roinn seo bunaithe ar shonraí Frontex.
[32] Moladh 2020 ón gCoimisiún Eorpach maidir le cuardach agus tarrtháil (eur-lex.europa.eu/legal content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020H1365), go háirithe tagairtí faoi phointe (5) agus (7); Treoir ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus cónaí neamhúdaraithe a shainiú agus a chosc (eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020XC1001(01) ), go háirithe pointí 4 agus 5.
[33] Sonraí | Tionscadal na nImirceach ar Iarraidh, foinse: IOM.


cuardaigh agus tarrthála. D'eagraigh líonraí smuigleála imeachtaí comhuaineacha i mbáid phlódaithe chun údaráis a shárú, rud a d'fhág gur díbhordáladh thart ar 7 000 duine sa Fhrainc tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála.

***Cosaint idirnáisiúnta agus cosaint shealadach san Aontas*[34]**

Tháinig laghdú 21 % ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta san Aontas i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024, cé go raibh siad fós ard ar an iomlán agus 871 000 iarratas taiscthe san Aontas. Ba iad níos lú imirceach neamhrialta agus an laghdú géar ar iarratais ó náisiúnaigh Shiriacha ba chúis leis an laghdú den chuid is mó. **D'eisigh na Ballstáit 271 000 cinneadh lenar deonaíodh stádas cosanta idirnáisiúnta**[35]**, laghdú 20 % i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024**[36]. I gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra, ba iad **an Ghréig, an Ostair agus an Chipir** na príomh-Bhallstáit a thug cosaint idirnáisiúnta. I ndearbhthéarmaí, d'eisigh an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ghréig an chuid is mó de na cinntí dearfacha maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta, agus ba í an Spáinn an tír ba mhó a dheonaigh stádas daonnúil, do Veiniséalaigh agus do mhuintir na Colóime den chuid is mó.

[34] Tá an anailís ar chosaint idirnáisiúnta agus ar chosaint shealadach bunaithe ar shonraí EUAA agus Eurostat, faoi seach.
[35] Lena n-áirítear cinntí ag an gcéad chéim agus cinntí maidir le hachomharc nó athbhreithniú lena ndeonaítear stádas dídeanaí agus stádas cosanta coimhdí faoi Choinbhinsiún na Ginéive.
[36] Laghdaigh an ráta aitheantais ag an gcéad chéim le haghaidh cosaint idirnáisiúnta go 31 %, go príomha mar gheall ar níos lú cinntí dearfacha a eisíodh do náisiúnaigh de chuid na Siria, na hAfganastáine agus na hIaráice.

**Fíor 3 — Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag na Ballstáit i ndearbhluachanna, agus per capita agus OTI[37]**




Foinse: Mionsaothrú ACT ar shonraí EUAA agus sonraí Eurostat (OTI agus daonra)

**Fuair an Ghréig agus an Chipir an líon is airde iarratas ar leibhéal an Aontais i gcomparáid lena OTI agus lena ndaonra.** I ndearbhuimhreacha, fuair an Ghearmáin an líon is airde iarratas ar chosaint idirnáisiúnta — d'ainneoin laghdú 40 % i gcomparáid leis an tréimhse ó mhí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024 — agus ina dhiaidh sin an Fhrainc, an Spáinn agus an Iodáil. Rinne Veiniséalaigh a bhí ag taisteal gan víosa san Aontas líon níos mó iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh, sa Spáinn den chuid is mó. Rinne náisiúnaigh na hAfganastáine iarratas ar líon níos ísle ach ba iad an tríú náisiúntacht a rinne iarratas ar thearmann. **Tháinig laghdú 25 % ar iarratais ó mhionaoisigh neamhthionlactha freisin agus b'ionann iad agus 3 % den iomlán.** I gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra, fuair an Ghréig, an Bhulgáir agus an Chipir formhór na n-iarratas ó mhionaoisigh neamhthionlactha ar

[37] Arna ríomh agus sciar gach Ballstáit don táscaire sin á chur i gcomparáid lena sciar de OTI agus daonra. Ríomhtar sciar OTI agus daonra le haghaidh gach Ballstáit i gcomhréir leis an eochair thagartha a leagtar amach in Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2024/1351, agus sonraí Eurostat á n-úsáid.

leibhéal an Aontais, agus tá méadú ag teacht ar líon na mionaoiseach Éigipteach atá ag cur iarratas isteach sa Ghréig. I ndearbhthéarmaí, is sa Ghearmáin, sa Ghréig agus san Ísiltír den chuid is mó a cuireadh na hiarratais sin isteach, agus is náisiúnaigh de chuid na Siria agus na hAfganastáine den chuid is mó a bhí iontu.

Chuir roinnt Ballstát próiseáil iarratas ó mhuintir na Siria ar fionraí go sealadach tar éis thitim réimeas Assad, agus bhí muintir na Siria fós ar an ngrúpa is mó a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san Aontas, sa Ghearmáin den chuid is mó.

**Fíor 4 — Tairbhithe cosanta sealadaí sna Ballstáit**




Foinse: Mionsaothrú ACT ar shonraí Eurostat

Tar éis chogadh foghach leanúnach na Rúise agus an ghéaraithe ar ionsaithe i gcoinne na hÚcráine, tá **4,3 milliún duine ag tairbhiú de chosaint shealadach san Aontas** ó mhí an Mheithimh 2025. Tá an chuid is mó díobh fós á n-óstáil sa Ghearmáin agus sa Pholainn — arb ionann iad agus 51 % de na tairbhithe foriomlána san Aontas. I gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra, ba sa tSeicia a bhí an líon is airde tairbhithe cosanta sealadaí, agus ina dhiaidh sin bhí an Pholainn, an tSlóvaic agus an Eastóin. Lean muintir na hÚcráine de bheith ag teacht isteach san Aontas go seasta, agus roinnt acu ag taisteal anonn agus anall go sealadach le haghaidh

cuairteanna teaghlaigh nó obair shéasúrach. Idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, **taifeadadh os cionn 681 000 clárúchán cosanta sealadaí san Aontas.** I gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra, d'eisigh an tSeicia an líon is mó tairbhithe cosanta sealadaí, agus ina dhiaidh sin an Pholainn, an Eastóin, an Liotuáin, an Bhulgáir, an Laitvia, an tSlóvaic agus an Chipir. Idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, náisiúnaigh de chuid na hÚcráine a bhí ag lorg stádas cosanta níos fadtéarmaí, rinne siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i líon méadaitheach san Aontas, go háirithe sa Fhrainc agus sa Pholainn.

Tá an iliomad dúshlán roimh na Ballstáit maidir le tairbhithe cosanta sealadaí agus idirnáisiúnta a lánpháirtiú. Mar a sainaithníodh san athbhreithniú meántéarma ar Phlean Gníomhaíochta 2021-2027 um Imeascadh agus Cuimsiú, tá dúshláin fós ann go háirithe i réimsí na tithíochta, an oideachais agus mhargadh an tsaothair[38]. Is gnách go mbíonn rátaí fostaíochta níos ísle ag imircigh atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta nó ag teacht chun cónaithe le baill teaghlaigh ná mar a bhíonn ag imircigh saothair. Ina theannta sin, léiríonn suirbhéanna fadtéarmacha nach mbaineann iarrthóirí tearmainn torthaí mhargadh an tsaothair amach nach bhfuil inchomparáide le náisiúnaigh ach amháin tar éis 10 mbliana cónaithe. Is dúshlán fós é tithíocht leordhóthanach a chur ar fáil: léirítear ó thaighde go raibh cónaí ar níos mó ná imirceach amháin as seisear san Aontas in 2023 i gcóiríocht phlódaithe (+ 70 % i gcomparáid leis an daonra a rugadh san Aontas)[39]. Bíonn tionchar diúltach ag na tosca sin ar thorthaí imeasctha, rud a chuireann brú breise ar chórais cosanta sóisialta agus ar fheidhmiú an chórais ghlactha.

**Is mná agus leanaí iad os cionn 75 % de thairbhithe cosanta sealadaí.** Bhí éagsúlacht sa chóiríocht agus sa tacaíocht shóisialta ar fud na mBallstát. Thosaigh formhór na mBallstát ag spreagadh féintuilleamaí agus neamhspleáchas eacnamaíoch, ag cur tacaíocht níos teoranta ar fáil de réir a chéile do thithíocht agus do shochair shóisialta, agus infheistíocht á déanamh acu i mbearta imeasctha. Chuir bearta éagsúla a rinne na Ballstáit le himeascadh feabhsaithe i margadh an tsaothair, cé go bhfuil imeascadh na mban i margadh an tsaothair fós níos casta mar gheall ar bhacainní sonracha[40]. Ní hionann scolaíocht leanaí easáitithe ón Úcráin agus bhí éagsúlacht sna rátaí tinrimh scoile, agus tá dúshláin shonracha fós ann do leanaí faoi mhíchumas.

### *Gluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh den Aontas[41]*

Bhí ar roinnt Ballstát aghaidh a thabhairt ar líon ard gluaiseachtaí neamhúdaraithe imirceach agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta laistigh den Aontas. De réir Rialachán (AE) 604/2013 ("Rialachán Bhaile Átha Cliath III")[42], ní féidir le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta an

[38] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Athbhreithniú meántéarma ar Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le Lánpháirtiú agus Cuimsiú 2021-2027 a ghabhann leis an doiciméad Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Staid na himeartha maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, SWD(2025)162 final, EUR-Lex — 52025SC0162 — GA — EUR-Lex.

[39] ECFE/an Coimisiún Eorpach (2023), *Indicators of Immigrant Integration 2023* [Táscairí maidir le hImeascadh Inimirceach 2023]: Settling In [Ag Socrú Isteach], OECD Publishing, Paris, https://doi.org/10.1787/1d5020a6-en.

[40] UNHCR, *"A poverty assessment of Ukraine refugees in neighbouring countries" [Measúnú bochtaineachta ar dhídeanaithe ón Úcráin i dtíortha comharsanachta]*, 17 Márta 2025, lch. 14.

[41] Tá an anailís ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe bunaithe ar shonraí EUAA agus eu-LISA.

[42] Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas

Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar a iarratas nó a hiarratas a roghnú. Cuireann gluaiseachtaí ó Bhallstát amháin go Ballstát eile agus na heasnaimh i gcur chun feidhme Rialachán (AE) 604/2013 brú ar leith ar chórais tearmainn, imirce agus ghlactha na bpríomhthíortha cinn scríbe.

Cé nach bhfuil aon sonraí beachta ann lena ngabhtar gluaiseachtaí neamhúdaraithe, léiríonn táscairí ionadacha scála agus treo na ngluaiseachtaí sin laistigh den Aontas[43]. Le Rialachán agus bunachar sonraí Eurodac nua, beifear in ann faireachán níos cruinne a dhéanamh ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe[44]. Faoi láthair, tugann na sonraí atá ar fáil ó Eurodac le fios gur **tháinig laghdú thart ar 25 % ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe laistigh den Aonta**s i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024[45], tar éis an laghdaithe fhoriomláin ar líon na n-imirceach neamhrialta a tháinig isteach den chuid is mó. D'ainneoin an laghdaithe sin, lean gluaiseachtaí neamhúdaraithe de bheith ina ndúshlán do na príomhthíortha cinn scríbe. De ghnáth, tharla gluaiseachtaí neamhúdaraithe ó thíortha a tháinig isteach den chéad uair san Aontas i dtreo na mBallstát in iarthuaisceart an Aontais. I ndearbhthéarmaí, ba iad an Ghréig, an Ghearmáin, an Chróit, an Iodáil agus an Fhrainc na príomhthíortha imeachta, agus ba iad an Ghearmáin, an Fhrainc, an Bheilg, an Iodáil agus an Ísiltír na tíortha a fuair na gluaiseachtaí ba neamhúdaraithe.Ba iad an Ghréig go dtí an Ghearmáin, an Chróit go dtí an Ghearmáin, an Iodáil go dtí an Ghearmáin agus an Iodáil go dtí an Fhrainc na príomhbhealaí a chláraigh formhór na ngluaiseachtaí neamhúdaraithe.


ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/604/oj).

[43] Áirítear ar tháscairí ionadacha sonraí a bhailítear chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú Rialachán (AE) 604/2013 ("staidreamh Bhaile Átha Cliath") agus sonraí a stóráiltear in Eurodac — bunachar sonraí méarlorg an Aontais (arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 603/2013) ina stóráiltear méarloirg daoine aonair a rinne iarratas ar thearmann nó a gabhadh agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha limistéar Schengen go neamhdhleathach agus ina gcuirtear i gcomparáid iad.

[44] Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj.

[45] Tuairiscíodh 398 000 amas eachtrach Eurodac (nuair is Ballstáit iad an tír imeachta agus an tír cinn scríbe araon), 27 % níos lú ná mar a tuairiscíodh sa tréimhse ó mhí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024.

**Fíor 5 — Léarscáil de ghluaiseachtaí neamhúdaraithe bunaithe ar amais Eurodac (bealaí ar > 6000 amas)[46]**




Foinse: Mionsaothrú ACT ar shonraí eu-LISA

Nuair a chomhlánaítear iad le sonraí a bailíodh chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú Rialachán 604/2013 ("Staidreamh Bhaile Átha Cliath")[47], **ba iad an tSlóivéin, an Bheilg, Lucsamburg, an Ghearmáin, an Chróit agus an Ostair na tíortha ba mhó a bhí buailte, i gcoibhneas lena n-olltáirgeacht intíre (OIT) agus lena ndaonra.** Níl roinnt Ballstát ag eisiúint iarrataí toisc gur minic nach mbíonn aistriú fisiciúil an duine mar thoradh orthu. Ina theannta sin, tá ráta cur chun feidhme na n-aistrithe fós an-íseal ag 19 %[48]. Laghdaigh bacainní oibríochtúla agus acmhainneachta a bhí roimh Bhallstáit ghlactha agus aistrithe an ráta cur

[46] Taispeántar sa léarscáil na príomhbhealaí gluaiseachtaí neamhúdaraithe mar a léirítear le hamais Eurodac. Taispeántar le ceann na saighead treo na ngluaiseachtaí agus léirítear le leithead na saighead líon na n-amas.

[47] Thart ar 93 000 sa tréimhse tuairiscithe a bhí i líon na n-iarrata ar thógáil ar ais a seoladh amach agus i líon na n-iarrata ar ghabháil ar láimh a seoladh amach bunaithe ar dhul isteach agus fanacht neamhrialta.

[48] Ba cheart cóimheas na n-aistrithe tar éis iarrataí ar glacadh leo a úsáid go cúramach chun measúnú a dhéanamh ar chumas Ballstáit aistrithe a chur chun feidhme go rathúil mar gheall ar easpa sonraí cohóirt agus ós rud é go bhféadfadh tréimhse shuntasach ama a bheith ann idir iarraidh ar aistriú a nglactar léi agus aistriú fisiciúil. Déanann an t-imeacht ama sin ríomh na rátaí a shaobhadh mura mbíonn líon na ndaoine ar glacadh leo cobhsaí le himeacht ama.

chun feidhme freisin: bhí tionchar ag an easpa tithíochta leordhóthanaí, drochdhálaí glactha ábharacha agus deiseanna teoranta le haghaidh imeascadh luath ar líon na n-aistrithe a cuireadh chun feidhme. Rinne an Ghearmáin an líon is airde aistrithe agus fuair sí an líon is airde aistrithe, agus an Fhrainc agus an Ísiltír ina dhiaidh sin. Fuair an Chróit an líon is airde aistrithe ó Bhallstáit eile i gcomparáid lena OTI agus lena daonra. Ní bhfuair an Ghréig agus an Iodáil ach líon an-íseal aistrithe i gcomparáid le líon na gcinntí dearfacha a rinne siad i leith na n-iarrataí a fuair siad ó Bhallstáit eile[49].

**Tá sé ríthábhachtach líon foriomlán na n-aistrithe a mhéadú, aistrithe a atosú chuig na Ballstáit nach bhfuil ag glacadh le haistrithe, iarrataí ar ghabháil ar láimh ná ar thógáil ar ais a atosú, agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chóras glactha náisiúnta** chun feidhmiú éifeachtach an chórais a áirithiú, dreasachtaí le haghaidh gluaiseachtaí neamhúdaraithe a laghdú agus an chothromaíocht idir freagracht agus dlúthpháirtíocht a choinneáil ar bun. Cé go meastar gur cheart feabhas suntasach a chur ar chur chun feidhme na n-aistrithe le teacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe, tá coinne leis go gcuirfidh na Ballstáit na rialacha atá ann cheana chun feidhme ina n-iomláine gan mhoill.

***Glacadh*[50]**

D'ainneoin iarrachtaí suntasacha chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le glacadh, níl an staidreamh go hiomlán inchomparáide agus tá sé fós neamhiomlán. Mar thoradh air sin, tá léargas ilroinnte ann agus cuireann sé cosc ar mheasúnú cinntitheach a dhéanamh ar an mbrú ar chórais ghlactha[51]. Tá obair ar siúl chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí sin.

Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil[52], d'óstáil na Ballstáit thart ar **1 394 000 duine ina gcórais ghlactha náisiúnta**, sa Ghearmáin, san Iodáil, sa Fhrainc, san Ísiltír agus san Ostair den chuid is mó. I gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra, is **sa Ghearmáin, i Lucsamburg, san Ostair agus in Éirinn**[53] a bhí an líon is mó daoine á n-óstáil ina gcórais ghlactha. Tairbhithe cosanta sealadaí a gcuirtear tacaíocht chóiríochta ar fáil dóibh lasmuigh den chóras sin, ní áirítear iad i dtuairisciú na mBallstát.

Ina theannta sin, ní hionann eagrú na gcóras glactha ar fud an Aontais: ní dhéanann ach roinnt Ballstát sonraí maidir le daoine a bhfuil stádais dhlíthiúla éagsúla acu a áireamh agus a bhailiú

[49] Áirítear ar na sonraí a bhailítear chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú Rialachán (AE) 604/2013 ('Staidreamh Bhaile Átha Cliath') líon na n-iarrataí a sheol Ballstát chuig Ballstát eile nó a fuair Ballstát ó Bhallstát eile maidir le nósanna imeachta um thógáil ar ais agus um ghabháil ar láimh, na cinntí a rinneadh maidir le hiarrataí den sórt sin chomh maith le líon na gcinntí aistrithe arna n-eisiúint agus arna gcur chun feidhme.

[50] Tá an anailís ar ghlacadh bunaithe ar shonraí EUAA.

[51] Leag an Coimisiún agus EUAA amach "cur chuige incriminteach" trína gceanglaítear ar na Ballstáit sonraí glactha a thuairisciú ar dhá phríomhtháscaire ar a laghad: daoine sa chóras glactha (líon iomlán na ndaoine sa chóras glactha, lena n-áirítear miondealú in aghaidh stádas dlíthiúil na ndaoine atá á nglacadh isteach agus líon na mionaoiseach neamhthionlactha); agus acmhainneacht an chórais ghlactha (leapacha iomlána ar fáil ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Ó 2027 ar aghaidh, tá na Ballstáit le tuairisciú ar thacar iomlán na dtáscairí glactha.

[52] Ní thagraíonn na sonraí seo ach don chóras glactha a thuigtear mar an tacar socruithe atá i bhfeidhm chun freastal ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta de réir na Treorach athmhúnlaithe maidir le Dálaí Glactha.

[53] In Éirinn, tháinig sciar suntasach d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta isteach sa tír go neamhrialta, agus iad ag teacht trasna theorainn talún na Ríochta Aontaithe den chuid is mó. Bhí tionchar aige sin ar chóras tearmainn agus glactha na hÉireann, in éineacht leis an líon mór daoine ag teacht isteach agus iad ag tairbhiú de chosaint shealadach. Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí 14 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in Éirinn i gcomparáid leis an líon ard nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin (18 000). Tá an treocht sin le feiceáil ó thús 2022, in éineacht le líon ard daoine ag teacht isteach ón Úcráin.

ina gcóras glactha, lena n-áirítear tairbhithe cosanta sealadaí, iarratasóirí diúltaithe nó daoine ar ar eisíodh ordú um fhilleadh. Ar an mbonn sin, b'ionann tairbhithe cosanta sealadaí agus idir 50 % agus 70 % den daonra a óstáiltear i gcórais ghlactha náisiúnta na hOstaire, na Fionlainne, na Liotuáine, na Slóvaice agus na Sualainne, agus cuireadh tacaíocht chóiríochta ar fáil do líon mór tairbhithe cosanta sealadaí lasmuigh den chóras sin, go háirithe sa **tSeicia, sa Pholainn, san Ungáir agus sa Rómáin.**

**Ba é 81 % an ráta áitíochta foriomlán sna córais ghlactha náisiúnta san Aontas ag deireadh mhí an Mheithimh 2025**[54]. Is príomhghné de chóras tearmainn, glactha agus imirce dea-ullmhaithe agus d'fheidhmiú maith na rialacha freagrachta faoi Rialachán (AE) 604/2013 é acmhainneacht leordhóthanach agus dálaí glactha leordhóthanacha a áirithiú. Bhí dúshláin roimh roinnt Ballstát maidir le hacmhainneacht leordhóthanach a áirithiú ina gcórais ghlactha náisiúnta[55], agus ag an am céanna, tá laghdú tagtha ar a n-acmhainneacht chóiríochta, lena n-áirítear an Fhionlainn, an Danmhairg agus an tSualainn, i bhfianaise líon teoranta na n-iarratasóirí.

***Athshocrú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil***[56]

Thug 14 Bhallstát gealltanais faoi scéim *ad hoc* an Aontais um athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil le haghaidh 2024-2025. Tháinig beagnach 12 000 duine isteach san Aontas trí na conairí sin le linn na tréimhse tuairiscithe. Athlonnaíodh níos mó ná leath de na tairbhithe sa **Ghearmáin** agus sa **Fhrainc**, agus d'athlonnaigh **an Fhionlainn agus an tSualainn an líon ba mhó tairbhithe i gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra.** Bhí tionchar ag an staid luaineach sa Mheánoirthear, go háirithe sa Liobáin agus sa tSiria, ar chláir athlonnaithe agus ar chláir um ligean isteach ar fhoras daonnúil: tháinig laghdú ar líon na ndaoine a ligtear isteach i ngach Ballstát tuairiscithe seachas san Ísiltír agus sa tSualainn. Ba í an tSiria príomhthír thionscnaimh na ndaoine a ligeadh isteach, agus ina dhiaidh sin bhí an Afganastáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an tSúdáin Theas agus an Eiritré.

***Filleadh***[57]

Idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, d'eisigh na Ballstáit, san iomlán, 478 000 ordú chun imeacht do náisiúnaigh tríú tír san Aontas, **méadú 11 % i gcomparáid leis an tréimhse ó mhí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024, arna spreagadh den chuid is mó ag níos mó orduithe chun imeacht mar aon le cinntí diúltacha maidir le tearmann.** Is iad an Fhrainc, an Spáinn agus an Ghearmáin a d'eisigh formhór na n-orduithe, agus, i gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra, d'eisigh **an Chipir** an líon is mó orduithe chun imeacht, agus **an Ghréig agus an Chróit** ina dhiaidh sin. Bhí difríochtaí suntasacha ar fud na mBallstát idir náisiúntachtaí náisiúnach tríú tír a d'eisigh ordú chun imeacht[58].

---

[54] Ag deireadh mhí an Mheithimh 2025, bhíothas in ann an ráta áitíochta a ríomh le haghaidh 25 Bhallstát. Bhí na sonraí ba ghá chun an ráta áitíochta a ríomh neamhiomlán don Fhionlainn agus don Phortaingéil.


[55] Is amhlaidh atá i gcás na Beilge, na Cipire, na Cróite, na Laitvia, na Liotuáine agus na Gréige.

[56] Tá an anailís ar athlonnú agus ar ligean isteach ar fhoras daonnúil bunaithe ar shonraí EUAA.

[57] Tá an anailís ar fhilleadh bunaithe ar shonraí Eurostat.

[58] D'eisigh an Fhrainc formhór na n-orduithe chun imeacht do náisiúnaigh na hAilgéire, na Túinéise agus Mharacó; D'eisigh an Spáinn formhór na n-orduithe chun imeacht do náisiúnaigh Mhailí, na Seineagáile agus na hAilgéire, agus d'eisigh an Ghearmáin formhór na n-orduithe chun imeacht do náisiúnaigh na Siria, na Tuirce agus na hAfganastáine. D'eisigh an Chipir formhór na n-orduithe chun imeacht do náisiúnaigh na Siria, Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus na Nigéire, na Gréige do náisiúnaigh na hAfganastáine, na Siria agus na hAlbáine, agus na Cróite do náisiúnaigh de chuid na Tuirce, Neipeal agus na Boisnia agus na Heirseagaivéine.

**Fíor 6 — Líon na n-orduithe um fhilleadh agus líon na náisiúnach tríú tír a filleadh in aghaidh an Bhallstáit**




Foinse: Mionsaothrú ACT ar shonraí Eurostat

Filleadh 115 000 náisiúnach tríú tír a bhí ag fanacht go neamhdhleathach ar thríú tír. Níor chuir ach cúig Bhallstát (an Ghearmáin, an Fhrainc, an tSualainn, an Chipir agus an Pholainn) breis agus leath de na fillteacha chun feidhme. Is méadú 20 % é sin i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024. Mar sin féin, **tá an ráta fillte foriomlán fós íseal, rud a fhágann go bhfuil riaráiste daoine ann ar tugadh ordú dóibh imeacht atá fós ar chríoch an Aontais[59].** Ba náisiúnaigh den Ailgéir, de Mharacó, den tSiria, den Tuirc agus den Afganastáin iad formhór na náisiúnach ar ordaíodh dóibh imeacht, agus méadú 14 % ar Shiriaigh ann.Ba náisiúnaigh den tSeoirsia, den Tuirc, den Albáin, den Mholdóiv agus den Cholóim iad príomhnáisiúntachtaí na ndaoine a filleadh. Léiríonn sé sin nach gcomhfhreagraíonn na tíortha a bhfuil an rangú is airde acu i dtéarmaí náisiúnaigh tríú tír ar ordaíodh dóibh imeacht do na tíortha a bhfuil an líon is airde fillteacha curtha chun feidhme acu, cé is moite den Tuirc. Bhí níos mó ná leath de na fillteacha uile deonach, agus treocht mhéadaitheach á leanúint acu. Cé go bhfuil torthaí bainte amach cheana féin ag iarrachtaí leanúnacha maidir le hathligean isteach trí shásra an Chóid Víosaí Airteagal 25a agus trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe Chomhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh maidir le tríú tíortha tosaíochta, go háirithe le tríú tíortha tábhachtacha amhail an Bhanglaidéis, an Iaráic agus an Aetóip[60], **tá bacainní sonracha fós ag cur bac ar**

[59] Ba é 24 % an ráta fillte ar fud an Aontais le linn na tréimhse tuairiscithe.
[60] Chuidigh sásra Airteagal 25a den Chód Víosaí le dinimic fhabhrach agus dul chun cinn nithiúil a spreagadh le tríú tíortha. Tháinig méadú ar an ráta fillte don Bhanglaidéis ó 9 % in 2023 go 17 % in 2024, agus an ráta don

**fhilleadh.** Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go ndéanfaidh na Ballstáit obair leantach ar orduithe um fhilleadh le hiarrataí ar athligean isteach chuig na tríú tíortha ábhartha agus go n-iarrfaidh siad doiciméid taistil éigeandála go córasach le haghaidh daoine a bhfuil náisiúntacht dheimhnithe acu[61]. Sainaithníodh i meastóireacht théamach Schengen 2024 dul chun cinn maidir le córais náisiúnta um fhilleadh a fhorbairt, cé go bhfuil neamhéifeachtúlachtaí fós i gcéimeanna tábhachtacha den phróiseas[62], rud a bhfuil tionchar acu ar ghluaiseachtaí neamhúdaraithe, mar a léirítear leis na foláirimh maidir le filleadh laistigh de Chóras Faisnéise Schengen (CFS)[63].

Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun comhchóras de chuid an Aontais um fhilleadh a chruthú, mar aon le comhar níos éifeachtaí le tríú tíortha. Beidh an Rialachán um Fhilleadh[64] atá beartaithe ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus chun a áirithiú gur féidir le fillteacha rannchuidiú le cuspóirí foriomlána bheartas imirce agus tearmainn an Aontais. Iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an athchóiriú sin a ghlacadh go pras.

### b. Réamh-mheastachán don bhliain atá le teacht agus faisnéis maidir leis an leibhéal ullmhachta san Aontas

Is é is aidhm don **Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta** atá molta ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát a shainaithnítear sa Chinneadh ón gCoimisiún mar Bhallstáit atá faoi bhrú imirce. De réir Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1351, agus na riachtanais sin á sainaithint aige, ba cheart don Choimisiún príomhthorthaí na Tuarascála seo a mheas, lena n-áirítear tionchar na dtreochtaí roimhe seo ar na Ballstáit lena mbaineann, agus an réamh-mheastachán don bhliain atá le teacht[65]. Is uirlis luathrabhaidh don Aontas é an pictiúr straitéiseach sin, cuidíonn sé le forbairtí féideartha i staid na himirce a réamh-mheas agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfadh na forbairtí sin difear a dhéanamh do riachtanais na mBallstát atá faoi bhrú imirce agus do riachtanais an Aontais ina iomláine.

---

Iaráic ó 14 % go 31 %. Ina theannta sin, i gcás na hAetóipe ar glacadh bearta víosa ina leith i mí Aibreáin 2024, tháinig méadú ar an ráta fillte in 2024 (13 %, i gcomparáid le 11 % in 2023), mar aon le feabhas ar ghníomhaíocht na mBallstát ó thaobh a iarraidh ar an Aetóip a saoránaigh a athligean isteach (níos mó ná ceithre huaire an líon iarrataí ar athligean isteach in 2024 i gcomparáid le 2023). Le gníomhaíochtaí spriocdhírithe maidir le filleadh ar thríú tíortha tosaíochta arna dtionscnamh ag Comhordaitheoir an Aontais Eorpaigh um Fhilleadh, bhíothas in ann fócas agus comhleanúnachas a chinntiú ar fud gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus an sprioc fáis 25 % le roinnt tríú tíortha a shárú.

[61] De réir sonraí a thuairiscigh Frontex, chuir na Ballstáit níos lú iarrataí isteach ar dhoiciméid aitheantais agus ar dhoiciméid taistil éigeandála (-6 %, 68 908 i gcomparáid le 73 449 sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin).

[62] Áirítear leis sin dúshláin maidir le próiseas rianúil um fhilleadh a áirithiú mar gheall ar neamhéifeachtúlachtaí ag príomhchéimeanna, lena n-áirítear an córas achomhairc, sainaithint éifeachtach réamhfhillte agus faireachán leordhóthanach ar chomhlíonadh oibleagáide um fhilleadh. Léiríodh i meastóireacht théamach Schengen 2024 freisin gur gá cur chun feidhme oibríochtúil foláireamh maidir le filleadh laistigh de Chóras Faisnéise Schengen, ag na húdaráis náisiúnta uile, a fheabhsú chun cinnteoireacht níos éifeachtaí a bhaint amach i nósanna imeachta um fhilleadh.

[63] Le linn na tréimhse tuairiscithe, sainaithníodh beagnach 54 600 duine a bhí faoi réir fholáirimh CFS maidir le filleadh i mBallstáit seachas an Ballstát a chruthaigh an foláireamh ("amass CFS"). Díobh sin, ba náisiúnaigh tríú tír iad thart ar 33 600 a braitheadh ag seiceálacha laistigh den chríoch, agus idircheapadh thart ar 16 500 díobh ag seiceálacha teorann nuair a d'fhág siad an tAontas trí Bhallstát seachas an Ballstát a d'eisigh an foláireamh.

[64] COM (2025) 101 final.

[65] SWD(2025) 791, "Réamh-mheastachán de bhun Airteagal 9(3)(b) de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle don bhliain 2026", a aicmítear mar "RESTREINT UE/EU RESTRICTED".

Cuireann an réamh-mheastachán le modheolaíocht a d'fhorbair seirbhís eolaíoch an Choimisiúin — ACT — agus rinneadh é a thástáil le Líonra an Aontais um an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime.

Tugtar le fios sa réamh-mheastachán, ar an iomlán, **go meastar go dtiocfaidh laghdú ar líon na n-imirceach neamhrialta ar leibhéal an Aontais ar fud na bpríomhbhealaí imirce uile in 2026 i gcomparáid le 2024**[66], i gcomhréir leis an treocht anuas a breathnaíodh cheana féin sa chéad leath de 2025. Is é an toradh a bheidh ar an laghdú a bhfuiltear ag súil leis, i measc tosca eile, rannpháirtíocht láidir an Aontais le príomhthíortha tionscnaimh agus idirthurais, córais threisithe tearmainn agus cosanta teorann, agus gníomhaíocht threisithe i gcoinne líonraí smuigleála imirceach laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha araon. Meastar go bhfanfaidh **bealach na Meánmhara Láir** ar an mbealach is gníomhaí, ach réamh-mheastar go gcobhsóidh nó go laghdóidh an líon foriomlán a thuilleadh i gcomparáid le 2024. Léiríonn an treocht sin tionchar an chomhair threisithe le tíortha comhpháirtíochta san Afraic Thuaidh agus sa réigiún níos leithne. Táthar ag súil go mbeidh dinimic chomhchosúil ann do **bhealaí na Meánmhara Thiar agus an Atlantaigh**, áit a bhfuil torthaí á mbaint amach ag na hiarrachtaí láidre chun faireachán a dhéanamh ar phointí imeachta agus líonraí smuigleála a dhíchóimeáil. Ar **bhealach na Meánmhara Thoir**, beidh forbairtí ag brath den chuid is mó ar an staid atá ag teacht chun cinn sa Mheánoirthear, lena n-áirítear fobhealaí atá ag teacht chun cinn le déanaí, ach léiríonn an t-ionchas foriomlán go leanfar den treocht anuas a thosaigh cheana féin go déanach in 2024, treocht atá múnlaithe ag dinimic réigiúnach atá ag athrú agus láithreacht níos ísle náisiúntachtaí áirithe. Feadh **bhealach na mBalcán Thiar**, táthar ag súil freisin go dtiocfaidh laghdú ar líon na n-imirceach a thiocfaidh isteach, le tacaíocht ó dhíchóimeáil níos éifeachtaí líonraí smuigleála agus ó chomhar feabhsaithe idir an réigiún agus na Ballstáit agus Gníomhaireachtaí an Aontais. Ar bhealach na **Teorann Thoir**, is dócha go leanfaidh an Rúis agus an Bhealarúis dá n-iarrachtaí chun an imirce a úsáid mar uirlis troda i gcoinne an Aontais; mar sin féin, meastar go laghdóidh bainistiú teorainneacha neartaithe tuilleadh trasnuithe neamhdhleathacha. Ar deireadh, meastar go mbeidh cás na n-imeachtaí neamhdhleathacha trasna **bhealach Mhuir nIocht** dúshlánach i gcónaí, cé go bhfuil coinne leis go ndéanfar imeachtaí a shrianadh nó a laghdú le bearta náisiúnta sa Fhrainc agus le tuilleadh rannpháirtíochta leis an Ríocht Aontaithe.

Meastar go leanfaidh **an treocht anuas maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta** a tugadh faoi deara in 2024 agus sa chéad leath de 2025 ar aghaidh in 2026.

A mhéid a bhaineann le cosaint shealadach, leanfaidh cogadh foghach neamh-idirdhealaitheach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine de **riachtanais chosanta a ghiniúint do náisiúnaigh na hÚcráine** in 2026. Leanfar de bheith ag clárú le haghaidh cosaint shealadach, ach ar leibhéil níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin.

Ós rud é go bhfuil dinimic na himirce fós éiginnte, tá iarrachtaí chun **ullmhacht agus pleanáil theagmhasach** a neartú sna Ballstáit agus san Aontas ríthábhachtach i gcónaí. Is cuid thábhachtach den **chóras tearmainn, glactha agus imirce dea-ullmhaithe** í pleanáil

[66] Ós rud é nach bhfuil na sonraí le haghaidh na bliana iomláine 2025 ar fáil tráth a ghlacfar an Tuarascáil, úsáidtear sonraí 2024 mar an pointe tagartha bliantúil is déanaí agus is iomláine chun an réamh-mheastachán don bhliain atá le teacht a chur i gcomhthéacs 2026. Cuireadh an treocht a tugadh faoi deara in 2025, áfach, san áireamh go hiomlán san anailís.

theagmhasach leordhóthanach toisc go bhfeabhsaítear léi an athléimneacht agus an ullmhacht chun freagairt go tapa agus go héifeachtach d'athruithe ar staid na himirce, agus urraim do chearta agus riachtanais an duine aonair á háirithiú ag an am céanna.

Tá oibleagáidí maidir le **pleanáil theagmhasach** leabaithe i reachtaíocht an Aontais[67]. Cé go bhfuil pleananna teagmhasacha i bhfeidhm ag formhór na mBallstát i réimsí éagsúla den bhainistiú imirce, tá bearnaí fós ann. Ar an iomlán, baineann leibhéal na hullmhachta san Aontas agus sna Ballstáit maidir le bainistiú imirce tairbhe as cur chun feidhme na bhforálacha nua a tugadh isteach sa Chomhshocrú. Ghlac beagnach gach Ballstát a bpleananna teagmhasacha náisiúnta maidir le glacadh agus tearmann agus thug siad fógra ina leith do EUAA[68], cé go raibh leibhéil éagsúla iomláine acu (tuilleadh sonraí san Iarscríbhinn). Ó bhí 2019 ann, ní mór do na Ballstáit **plean teagmhasach náisiúnta a fhorbairt agus a ghlacadh maidir le bainistiú teorainneacha agus filleadh**[69]. Léirítear i dtorthaí an mheasúnaithe leochaileachta a rinne Frontex le haghaidh 2024 go dtuairiscíonn formhór na mBallstát go bhfuil pleananna teagmhasacha ábhartha i bhfeidhm acu maidir le bainistiú teorainneacha, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann, mar a cuireadh i dtábhacht i meastóireachtaí Schengen freisin. Ina theannta sin, léiríodh i meastóireacht théamach 2024 ar éifeachtacht na bhfillteacha go bhfuil bearnaí suntasacha sa phleanáil theagmhasach náisiúnta, agus nach raibh pleananna teagmhasacha tiomnaithe ag formhór na mBallstát le haghaidh oibríochtaí um fhilleadh d'ainneoin an cheanglais sin a leagtar amach in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.

Ar leibhéal an Aontais, tá Gníomhaireachtaí an Aontais réidh chun tacaíocht oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit i gcás méaduithe tobanna ar shreabha imirce. Tá ról lárnach i gcónaí ag Líonra an Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime de chuid an Aontais, faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, maidir le léiriú staide coiteann, luathrabhadh agus réamhaisnéisiú a chur ar fáil chun tacú le hullmhacht níos fearr. Óstálann an Líonra foghrúpa tiomnaithe maidir le pleanáil theagmhasach.

## IV. Measúnú ar staid fhoriomlán na himirce, ar an mbrú imirce, ar bhaol an bhrú imirce nó ar staid mhór na himirce

[67] Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n□aisghairtear Rialachán. (AE) Uimh. 604/2013; Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh; Rialachán (AE) 2024/1359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar aghaidh ar chásanna géarchéime agus ar chásanna force majeure i réimse na himirce agus an tearmainn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 (IO L, 2024/1359, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1359/oj); Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj); Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lgh. 1–54, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2303/oj).

[68] Seachas an Ungáir agus an Pholainn.

[69] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach (IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1896/oj).

Ar bhonn na faisnéise a cuireadh i láthair sa Tuarascáil seo, mheas an Coimisiún cé na Ballstáit a raibh oibleagáidí díréireacha orthu, agus staid fhoriomlán na himirce san Aontas á cur san áireamh. Ag an am céanna, tá an Coimisiún ag moladh don Chomhairle líon iomlán na rannchuidithe dlúthpháirtíochta don Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta ar leibhéal an Aontais is gá chun aghaidh a thabhairt ar staid na himirce sa bhliain atá le teacht ar bhealach cothrom éifeachtach.

I bhfianaise na dtreochtaí a leagtar amach sa Tuarascáil seo le haghaidh na tréimhse tagartha ó mhí Iúil 2024 go mí an Mheithimh 2025 agus na modheolaíochta, cinneadh leis an gCinneadh ón gCoimisiún, nuair a dhéantar na sonraí agus an fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil ábhartha uile a chomhiomlánú agus a mheasúnú i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, go bhfuil **an Ghréig** agus **an Chipir** faoi bhrú imirce. Ina theannta sin, cinneadh sa Chinneadh ón gCoimisiún go bhfuil **an Iodáil** agus **an Spáinn** faoi bhrú imirce mar gheall ar líon mór daoine a bheith ag teacht isteach mar gheall ar dhíbhordáil athfhillteach tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, atá ar scála chomh mór sin go gcruthaíonn siad oibleagáidí díréireacha i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas maidir le córas tearmainn, glactha agus imirce dea-ullmhaithe de chuid an Bhallstáit lena mbaineann fiú.

Cé gur fhan treochtaí cobhsaí ar an iomlán i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024, bhí oibleagáidí díréireacha ar an n**Gréig** i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, go háirithe mar gheall ar an líon trasnuithe neamhdhleathacha teorann (os cionn 60 000) agus mar gheall ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta (os cionn 70 000). Ba iad sin na cinn ab airde a taifeadadh ar leibhéal an Aontais i gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra. Thaifead an Ghréig freisin an líon is airde cinntí, i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra, de chinntí lenar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta, agus shroich siad beagnach 32 000 cinneadh idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025. I gcoibhneas lena OTI agus lena daonra, bhí an Ghréig sa dara háit i gcás líon na n-orduithe chun imeacht (os cionn 30 000), ach níor filleadh ach 5 400 náisiúnach tríú tír sa tréimhse faoi anailís.

Cé gur tháinig feabhas ar staid na himirce agus an tearmainn i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024, bhí oibleagáidí díréireacha fós ar an g**Cipir** i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, go háirithe mar gheall ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus clárúcháin ar chosaint shealadach. Cé gur tháinig laghdú suntasach ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann (beagnach 3 000), chuir líon na n-imirceach a tháinig isteach brú fós ar chóras tearmainn agus imirce na Cipire toisc go raibh an Chipir rangaithe i measc na dtrí thír is mó san Aontas i gcomparáid lena OTI agus lena daonra le haghaidh trasnuithe neamhdhleathacha teorann.Fuair an Chipir an dara líon is airde d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta (níos mó ná 5 000) san Aontas i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra. Ar an gcaoi chéanna, fuair an Chipir líon suntasach clárúchán le haghaidh cosaint shealadach (thart ar 3 500) i ndáil le OTI agus daonra na tíre. Thairis sin, cé go raibh an líon náisiúnach tríú tír ar ordaíodh dóibh imeacht (gar do 16 000) fós cobhsaí i gcomparáid le mí Iúil 2023-Meitheamh 2024, filleadh dhá oiread na náisiúnach tríú tír tar éis ordú chun imeacht (gar do 10 000) i gcomparáid le mí Iúil 2023-mí an Mheithimh 2024 (beagnach 5 000).

San **Iodáil** agus sa **Spáinn**, bhí sciar agus dearbhlíon na ndaoine a tháinig isteach mar gheall ar dhíbhordáil arís agus arís eile tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ar scála chomh mór sin gur chruthaigh siad oibleagáidí díréireacha ar na tíortha sin i gcomparáid leis an staid fhoriomlán san Aontas, ós rud é gur díbhordáladh os cionn 80 % den bheagnach 97 000 duine

ar tugadh cúnamh dóibh in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála sa dá Bhallstát sin (thart ar 40 % an ceann).

Dá bhrí sin, beidh r**ochtain ag na ceithre Bhallstát sin ar an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta** nuair a thiocfaidh Rialachán (AE) 2024/1351 i bhfeidhm.

Chun an chothromaíocht idir an dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir na freagrachta a áirithiú agus chun feidhmiú Rialachán (AE) 2024/1351 a choimirciú, bunaítear le hAirteagal 60(3) den Rialachán sin nach gceanglaítear ar na Ballstáit is rannchuiditheoirí a ngealltanais dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme i leith Ballstát is tairbhí i gcás inar shainaithin an Coimisiún **easnaimh shistéamacha** sa Bhallstát is tairbhí sin maidir leis na rialacha freagrachta a leagtar amach i gCuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an Rialacháin sin.

I gCuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 leagtar amach, *inter alia*, oibleagáidí an Bhallstáit atá freagrach as iarratasóirí agus náisiúnaigh tríú tír ar cláraíodh a n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i mBallstát eile nó ar cuireadh in iúl go bhfuil Ballstát eile freagrach ina leith faoi Rialachán (AE) 2024/1358 a ghabháil ar láimh agus a thógáil ar ais, lena n-áirítear aistrithe na ndaoine sin a dhéanamh, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha an iarratasóra de réir bhrí na Cairte. Tá na rialacha sin ag teacht le rialacha Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus tiocfaidh siad ina n-ionad ón uair a thiocfaidh siad i bhfeidhm.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú faoin 12 Iúil 2026 agus arís faoin 15 Deireadh Fómhair 2026 ar chur i bhfeidhm na rialacha freagrachta ag na Ballstáit agus cuirfidh sé Airteagal 60(3), an ceathrú fomhír de Rialachán (AE) 2024/1351 i bhfeidhm, má shainaithnítear easnaimh shistéamacha i mBallstát. Sa mheasúnú sin, tabharfar aird ar leith ar leibhéal an chomhair i measc na mBallstát, lena n-áirítear an rannpháirtíocht ghníomhach chun aistrithe agus comhar forásach maidir le hábhair phraiticiúla agus lóistíochta a éascú.

Ar bhonn thorthaí na Tuarascála seo agus na modheolaíochta, tar éis na sonraí agus an fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil ábhartha uile a mheas agus tar éis measúnú a dhéanamh orthu i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, cinneadh leis an gCinneadh freisin go bhfuil **an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn agus an Fhionlainn** i mbaol brú imirce.

Idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, lean **an Bhulgáir** agus **an Chróit**, mar thíortha céadiontrála, de bheith neamhchosanta go háirithe ar luaineachtaí i sreabha imirce feadh bhealaí na mBalcán Thiar agus na Meánmhara Thoir. D'fhéadfadh oibleagáidí díréireacha difear a dhéanamh dá gcórais imirce agus tearmainn atá faoi bhrú cheana féin mar thoradh ar mhéadú mór ar líon na n-imirceach neamhrialta le linn na bliana. Cé gur thaifead **an Bhulgáir** laghdú ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomparáid le mí Iúil 2023-Meitheamh 2024, chláraigh sí beagnach 10 000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta fós, líon suntasach i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra. Rinne mionaoisigh neamhthionlactha an cúigiú cuid de na hiarratais sin a thaisceadh, rud a fhágann gurb í an Bhulgáir an dara Ballstát is mó a fuair iarratais ó mhionaoisigh neamhthionlactha ar leibhéal an Aontais i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra. Chláraigh an Bhulgáir líon ard seasta clárúchán le haghaidh cosaint shealadach freisin i gcoibhneas lena sciar de OTI agus dá daonra (i measc na gcúig Bhallstát is mó) agus breis agus 21 000 clárúchán nua déanta inti sa tréimhse ó mhí Iúil 2024-Meitheamh 2025. Idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, bhí tionchar ag trasnuithe neamhdhleathacha teorann

agus diúltuithe cead isteach ar an g**Cróit**. Thaifead an Chróit níos mó ná 12 000 trasnú neamhdhleathach teorann, arbh é a bhí i gceist leo 76 % de mhéid iomlán na ndaoine a tháinig isteach go neamhrialta ar bhealach na mBalcán Thiar agus an dara líon is airde de thrasnuithe neamhdhleathacha teorann san Aontas i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra. Bhí líon comhchosúil diúltuithe cead isteach sa Chróit freisin, an líon is airde ar leibhéal an Aontais i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra.

Ag an am céanna, thaifead roinnt Ballstát líon ard gluaiseachtaí neamhúdaraithe a chuir brú ar leith ar a gcórais tearmainn, imirce agus ghlactha. Tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le gluaiseachtaí neamhúdaraithe den sórt sin trí aitheantas a thabhairt don fhéidearthacht **fritháirimh freagrachta** a chur i bhfeidhm maidir leis na cásanna sin mar chuid de na rannchuidithe dlúthpháirtíochta.

Idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025, fuair **an Ghearmáin** líon an-ard gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta san Aontas, rud a d'fhág go raibh líon mór iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ann a raibh tionchar aige sin ar a córas tearmainn agus glactha. Ba mheasa fós é sin ní hamháin toisc go bhfuil an líon is airde tairbhithe cosanta sealadaí san Aontas á n-óstáil ag an nGearmáin ach freisin toisc go bhfuil líon an-ard iarratas ar chosaint idirnáisiúnta aici le deich mbliana anuas. Ina theannta sin, fuair **an Fhrainc** líon ard gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta laistigh den Aontas agus bhí uirthi aghaidh a thabhairt ar thrasnuithe neamhdhleathacha teorann a bhain le himeachtaí i dtreo na Ríochta Aontaithe, rud a raibh tionchar aige ar an gcóras náisiúnta tearmainn agus glactha.Bhí tionchar ag gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar **an Ísiltír** agus ar **an mBeilg** freisin, rud a chuir brú ar na córais ghlactha. Tá líon ard leanúnach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ag **Éirinn** freisin agus tá sciar suntasach díobh ag teacht isteach sa tír go neamhrialta, agus iad ag teacht isteach go príomha thar theorainn talún na Ríochta Aontaithe.Bhí tionchar aige sin ar an gcóras náisiúnta tearmainn agus glactha, mar aon leis an líon mór daoine a bhí ag teacht isteach agus iad ag tairbhiú de chosaint shealadach.

Mar a leagtar amach i roinn III, leanann gníomhaíochtaí na Rúise agus na Bealarúise de thionchar a imirt ar dhinimic imirce ag teorainn thoir an Aontais, go háirithe **san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn agus san Fhionlainn**. Leanann bagairtí hibrideacha a bhaineann le húsáid na himirce mar uirlis troda de bheith ina gcúis le rioscaí tromchúiseacha imirce agus slándála, rud a chuireann le teagmhais fhoréigneacha ó am go chéile agus le hiarrachtaí an teorainn a thrasnú. Mar fhreagairt ar iarrachtaí leanúnacha státurraithe chun an imirce a úsáid mar uirlis troda, neartaigh an Eastóin bearta bainistithe teorainneacha ag an teorainn leis an Rúis; Neartaigh an Laitvia agus an Liotuáin bearta faireachais ag a dteorainn leis an mBealarúis; Bhunaigh an Pholainn crios maolánach feadh a teorann agus cuireann sí teorainn shealadach leis an gceart chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta ag an teorainn sin, cé is moite de ghrúpaí leochaileacha; Dhún an Fhionlainn a pointí trasnaithe leis an Rúis i mí na Samhna 2023. D'fhéadfadh iarrachtaí breise ón Rúis agus ón mBealarúis chun an imirce a úsáid mar uirlis troda, brú breise a chur ar chórais cosanta teorann náisiúnta, rud a d'fhéadfadh oibleagáidí díréireacha a bheith mar thoradh air.

Beidh **rochtain tosaíochta** ag an dá Bhallstát déag sin atá i mbaol brú imirce ar **Bhuanbhosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais Eorpaigh don Imirce.** An tráth céanna, má théann an staid sna Ballstáit sin in olcas, beidh an Coimisiún réidh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1351, chun athmheastóireacht a dhéanamh ar a staid ar bhealach luathaithe.

Ar bhonn na Tuarascála agus na modheolaíochta, cinneadh sa Chinneadh ón gCoimisiún freisin go bhfuil staid shuntasach imirce os comhair **na Bulgáire, na Seicia, na hEastóine, na Cróite, na hOstaire** agus **na Polainne**, mar gheall ar éifeacht charnach na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus na faisnéise cainníochtúla agus cáilíochtúla arna gcomhiomlánú agus arna measúnú le linn na tréimhse 5 bliana deiridh (an 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2025).

Sa **Bhulgáir**, le 5 bliana anuas agus go háirithe ó 2022, i gcoibhneas lena sciar de OTI agus lena daonra, chuir insreabhadh na gclárúchán le haghaidh cosaint shealadach, mar aon le líon ard coibhneasta iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, brú ar an gcóras, go háirithe toisc gur eisigh an Bhulgáir líon mór cinntí dearfacha agus diúltuithe, i dtéarmaí coibhneasta, a chruthaigh ualach ard coibhneasta ar an gcóras um fhilleadh. Sa **Chróit**, le cúig bliana anuas, bhí tionchar mór ag an mbrú ar an gcóras um fhilleadh, i gcoibhneas lena sciar den OTI agus den daonra, ar acmhainneachtaí na tíre sa bhreis ar na hoibleagáidí a bhí uirthi ag a teorainn sheachtrach, go háirithe ós rud é gur eisigh an Chróit líon mór diúltuithe cead isteach i dtéarmaí coibhneasta agus go raibh líon coibhneasta ard trasnuithe neamhdhleathacha teorann ann le déanaí mar gheall ar an méadú atá tagtha ar ghníomhaíochtaí smuigleála imirceach sa réigiún.

Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá taifead ag an **bPolainn** agus ag an **tSeicia** ar an líon is airde clárúchán um chosaint shealadach san Aontas i gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra. Chruthaigh sé sin dúshláin imeasctha agus chuir sé brú suntasach ar chórais imirce, tearmainn agus bainistithe teorainneacha na mBallstát sin ó bhí 2022 ann. I gcoibhneas lena OTI agus lena daonra, tá líon ard clárúchán um chosaint shealadach taifeadta ag an **Eastóin**, mar aon le líon suntasach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a raibh líon ard cinntí dearfacha mar thoradh orthu le 5 bliana anuas.

Le linn na tréimhse 5 bliana seo caite, fuair **an Ostair** líon ard iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an líon sin idir mí Iúil 2024 agus mí an Mheithimh 2025 i gcomparáid leis an tréimhse 12 mhí roimhe sin, bhí tionchar carnach ag líon foriomlán na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus ag an líon cinntí dearfacha a tháinig as sin, le linn na tréimhse 5 bliana ar acmhainneacht a córais imirce, glactha agus tearmainn.

Beidh an deis ag na Ballstáit sin **a iarraidh ar an gComhairle asbhaint iomlán nó pháirteach a dhéanamh** ar a ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta don bhliain atá le teacht.

## V. Conclúid

Leis an dul chun cinn seasta maidir le comhpháirteanna uile an Chomhshocraithe a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, treocht anuas na n-imirceach neamhrialta agus an réamh-mheastachán don bhliain atá le teacht, mar aon le torthaí dearfacha na hoibre leanúnaí le tíortha comhpháirtíochta, leagtar síos bonn láidir do bhainistiú ordúil, cothrom agus daingean na himirce agus an tearmainn.

Trí leas iomlán a bhaint as creat dlíthiúil agus oibríochtúil nua an Chomhshocraithe, is féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun brú ar na Ballstáit a laghdú, gluaiseachtaí neamhúdaraithe a laghdú, éifeachtúlacht fhoriomlán a mhéadú, riaráistí a laghdú, agus an t-ualach ar struchtúir riaracháin agus oibríochtúla na mBallstát a laghdú. Ag an am céanna, tá roinnt dúshlán fós ann maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, agus leanfaidh an Coimisiún, in éineacht le Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit.

Trí na tograí atá ar feitheamh ón gCoimisiún a ghlacadh go pras, lena n-áirítear tograí maidir le Comhchóras Eorpach um Fhilleadh agus liosta an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh, is féidir tacú lenár n-iarrachtaí. Leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre chun comhpháirtíochtaí cuimsitheacha le tíortha comhpháirtíochta a neartú, páirt straitéiseach a ghlacadh ar an leibhéal réigiúnach agus domhanda agus giaráil thrasbheartais chliste a fhorbairt chun comhar níos fearr maidir leis an imirce a chur chun cinn.

Maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, ní mór don dlúthpháirtíocht agus do chomhroinnt chóir na freagrachta leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh le chéile agus ar bhealach cothrom. Is céim thábhachtach é tús an chéad Timthrialla Bhliantúil Bainistithe Imirce chun an bealach a réiteach d'oibríochtú an tsásra dlúthpháirtíochta nua. Ar bhonn na Tuarascála, ar an gCinneadh ón gCoimisiún agus ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena mbunaítear an Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil, ba cheart don Chomhairle Fóram Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta an Aontais a thionól laistigh de 15 lá d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le méid an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta agus maidir leis an gcaoi a rannchuideoidh gach Ballstát leis. Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis an gComhairle le linn an phróisis sin. Tionólfaidh Comhordaitheoir Dlúthpháirtíochta an Aontais Fóram Leibhéil Theicniúil Dlúthpháirtíochta an Aontais freisin chun an sásra dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit a oibríochtú agus chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais dlúthpháirtíochta leis na rannchuidithe a sainaithníodh, sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm i lár 2026.

Tuairisceoidh an Coimisiún arís i mí an Mhárta 2026 ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Forbróidh an Coimisiún straitéis fhadtéarmach Eorpach um bainistiú tearmainn agus imirce freisin, ina leagfar amach treochlár beartais agus oibríochtúil ardleibhéil le haghaidh comhchóras atá láidir agus inoiriúnaithe do na cúinsí atá ag athrú go tapa.